Rewarding Learning

Sa Chlós

Tasc A

Rólimirt

Tá do rang taobh amuigh ag am sosa. Is breá leat bheith ag súgradh le do chairde ag an am seo gach lá. Tosaíonn sibh ag labhairt faoi na cluichí is fearr libh a imirt, faoi chairdeas agus faoin lá go ginearálta. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag gach duine atá mar chuid den chomhrá na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cad é mar atá an aimsir inniu?**
2. **Ar mhaith leat cluiche ar bith a imirt anois? Ainmnigh an cluiche.**
3. **Cad é an trealamh atá de dhíth orainn leis an chluiche seo a imirt?**
4. **An bhfuil duine ar bith atá ina aonair inniu? An dtabharfaidh muid cuireadh do X teacht in éineacht linn?**
5. **An fearr leat an rópa scipeála a úsáid nó peil a imirt? Cén fáth?**
6. **Cad é atá agat le hithe don tsos?**
7. **Cén obair a dhéanfaidh muid i ndiaidh am sosa, do bharúil?**
8. **An bhfuil cluichí ar bith eile beartaithe againn ag am lóin nó i ndiaidh am scoile?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Sa chlós
- Cairde le chéile
- Aire a thabhairt dá chéile
- Scamallach/grianmhar/fuar/te/ag cur fearthainne/brothallach
- Am sosa
- Torthaí - úll/banana/sútha talún/ mealbhacán/oráiste/fraocháin ghorma/ sútha craobh
- Ag rith ar nós na gaoithe/le cosa in airde
- Fan sna cosa aige/aici.
- Tá tú dóite!
- Ag scipeáil le chéile
- Cluiche peile
- Barraíocht oibre le déanamh
- Ag baint sult as an obair
- Is breá liom bheith ag foghlaim.
- Caint le chéile
- Spórt agus spraoi
- Dul sa tóir ar a chéile
- Cleas na bacóide
- Tá ocras an domhain orm./Tá cíocras orm.
- Stiúgtha leis an ocras
- Smailc/Bia sosa

© CCEA 2022

Sa Chlós

Seanfhocail

Is maith an scáthán súil charad.
Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

Saibhreas Teanga

Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch.
Tá sé feanntach fuar.
Tá aimsir luaineach ann inniu.
Tá sé ag stealladh fearthainne.
Tá sé sioctha fuar.
Tá mé préachta.
Tá brat bán sneachta ar an talamh.

Tasc B

1. Cluichí Clóis

Smaoinigh ar na cluichí clóis a bhíonn tú ag imirt ag am sosa agus ag am lóin. Déarfainn go mbíonn go leor páistí ag imirt peile, b'fhéidir cuid eile ag rith sa tóir ar a chéile agus b'fhéidir cuid eile ag scipeáil.
Smaoinigh ar chluiche clóis úr a chumadh. Tá cead agat trealamh a úsáid le cuidiú leat, mar shampla, liathróid, málaí pónairí, rópa scipeála, cailc. B'fhéidir gur mhaith leat dán nó amhrán a chumadh nó ceann a úsáid atá ar eolas agat cheana féin.
Is féidir an obair seo a dhéanamh le cara.
Scríobh síos na treoracha agus an teanga don chluiche úr seo.
Bain triail as le cinntiú go n-oibríonn sé go maith. Déan an cluiche a thaifeadadh ar iPad. Ansin thig leat é a léiriú don chuid eile den rang. Amharc ar na samplaí de chluichí atá ar shuíomh COGG.

2. Splanc-Chártaí na hAimsire

Is cinnte go mbíonn aimsir dhifriúil ann le linn duit bheith amuigh sa chlós ag am sosa.
Roghnaigh 4 nó 5 aimsir dhifriúla agus déan splanc-chártaí.
Ar na splanc-chártaí, tarraing na 5 aimsir dhifriúla agus scríobh síos an sórt aimsire atá i gceist thíos faoi na pictiúir.

Seo samplaí:

- Tá sé sioctha fuar.
- Tá sé ag stealladh fearthainne.
- Tá sé ag plúchadh sneachta.
- Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch.
- Tá sé stoirmiúil inniu.
- Tá teas bocht ann inniu.
- Tá sé iontach scamallach inniu.
- Tá ceobhrán ann.

Nuair atá na splanc-chártaí críochnaithe agat, thig leat iad a chur in airde sa rang. Cad é faoi iad a thaispeáint do pháistí níos óige sa scoil le cuidiú leo cúrsaí aimsire a thuiscint?

© CCEA 2022